# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.20**

**Scrúduimhir**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon** Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**N.B. Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfear marcanna.**

## CUID 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC


Freagair **DEICH** gceist.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Trasghearradh den Domhan**

Scrúdaigh an léaráid thíos agus meaitseáil gach ceann de na litreacha sa léaráid le cur síos **amháin** díobh siúd sa bhosca thíos.




www.earth.com


| Cur síos | Litir |
|---|---|
| Croí Amuigh | |
| Sruth comhiompair sa mhaintlín | |
| Croí Istigh | |
| Droim Lár-Aigéin | |
| Trinse Aigéin | |

**[10 marc]**

**2.** **Aeráid na hÉireann**

Scrúdaigh an léarscáil a thaispeánann an bháisteach bhliantúil in Éirinn.

**Meántitim bhliantúil báistí in Éirinn**




www.met.ie

(i) Léigh an ráiteas thíos agus cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart:

In Éirinn bíonn an bháisteach is troime san

***Oirthear / Iarthar***.

(ii) Cé acu ceann de na córais aimsire a leanas is cúis leis an gcuid is mó de bháisteach na hÉireann?
Cuir **X** sa bhosca ceart thíos.

- Lagrach / Cioclón ☐
- Frithchioclón ☐

(iii) Scrúdaigh an tábla thíos a thaispeánann an bháisteach iomlán a thit i gClár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo, agus freagair na ceisteanna a leanas:

**Báisteach iomlán ina milliméadair i gClár Chlainne Mhuiris, 2009**

| **Mí** | **Ean** | **Fea** | **Már** | **Aib** | **Beal** | **Meith** | **Iúil** | **Lún** | **MF** | **DF** | **Samh** | **Nol** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Báisteach (mm)** | 149.6 | 21.9 | 55.5 | 109.3 | 111.0 | 46.6 | 131.7 | 175.1 | 42.2 | 91.9 | 285.4 | 87.7 |

www.met.ie

(a) Cén mhí ina raibh an bháisteach ab ísle? ____________

(b) Cén mhí ina raibh an bháisteach ab airde? ____________

(c) Ainmnigh iarmhairt amháin ar an leibhéal ard báistí in Éirinn i mí na Samhna.

______________________________________________

**[10 marc]**

**3. Réigiúin**

Meaitseáil an **cineál réigiúin** (litir) le **sampla** ainmnithe **san Eoraip** (uimhir) sa bhosca a thugtar.

| | **Cineál Réigiúin** | | **Sampla san Eoraip** |
|---|---|---|---|
| A | Cultúrtha | 1 | An Mheánmhuir |
| B | Uirbeach | 2 | Iomairí agus Gleannta na Mumhan |
| C | Croí-réigiún eacnamaíoch | 3 | Imchuach Phárais |
| D | Geomoirfeolaíoch | 4 | Gaeltacht in Éirinn |
| E | Comhaeráide | 5 | Baile Átha Luain |


| **Litir** | **Uimhir** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | |
| E | |

**[10 marc]**

**4. Tírghnéithe Bolcánacha**

Scrúdaigh an léaráid thíos. Úsáid na téarmaí a leanas chun na spásanna bána ar an léaráid a líonadh:

| **Craos** | **Cráitéar** | **Seomra magma** | **Sreabhadh laibhe** | **Loch Caildéara** |
|---|---|---|---|---|



www.pacificislandtravel.com

**[10 marc]**

## 5. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an Léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thagann leis an pháipéar seo.

(i) Tomhais fad an R 697 ón áit a dtosaíonn sé ar an léarscáil ag S 421 300 go dtí an áit a dtrasnaíonn sé an líne iarnróid i gCarraig na Siúire ag S 405 222.
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

| |
|---|
| |

(ii) Samhlaigh go bhfuil tú ag tiomáint **siar** ar an N24 ó Charraig na Siúire. Cén cineál fáschoille (féach ar an eochair) a d'fheicfeá dá bhféachfá **ó dheas** trasna na habhann?
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

| |
|---|
| |

**[10 marc]**

## 6. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an Léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thagann leis an pháipéar seo.

(i) Ainmnigh na gnéithe a fhaightear ag gach ceann de na tagairtí eangaí a leanas:

- S 415 220 __________________________
- S 362 235 __________________________
- S 432 226 __________________________
- S 402 203 __________________________

(ii) Cén airde atá sa talamh ag an Ghallán Triantánachta ar Kilmacoliver Hill (*Cnoc Mhic Oilibhéir*) S 432 283 ar an léarscáil?
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

| |
|---|
| |

**[10 marc]**

**7. Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

(i) Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Charraig na Siúire a thagann leis an pháipéar seo.

Agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat (an cúlra ar dheis etc.) scríobh síos:

Suíomh caisleáin ______________________________

Suíomh séipéil ______________________________

Suíomh muiríne agus báid ann ______________________________

(ii) Úsáid an t-aerfótagraf **agus** an léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis, de Charraig na Siúire, chun gach ceann acu seo a leanas a fhreagairt:

Ainmnigh an droichead **nua-aimseartha** sa lár ar chlé san aerfótagraf.
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

| |
|---|
| |

Cad í tagairt eangaí sé fhigiúir an droichid seo?
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

| |
|---|
| |

**[10 marc]**

**8. Tírdhreach Carstach**

Roghnaigh na focail chearta ón tábla chun an t-alt thíos a chomhlánú.

| |
|---|
| **Clinteanna** |
| **Pábháil** |
| **Aolchloch** |
| **Gríoga** |
| **Carbónáitiú** |



www.org.uk/gallery


Is é a thugtar ar an charraig dhríodair san fhótagraf ná _______________. An próiseas a dhéanann síonchaitheamh uirthi ná an ____________________. Tuaslagann seo an charbónáit chailciam sna carraigeacha agus foirmíonn eitrí doimhne ar a dtugtar ___________. Bloic ingearacha ar a dtugtar __________ a scarann na heitrí seo óna chéile. Cruthaíonn seo tírdhreach ar a dtugtar ___________ Aolchloiche.

**[10 marc]**


## 9. Gnéithe Cósta agus Gnéithe Oighreacha

Déan staidéar ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus na sleachta as fótagraif thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Ainmnigh an ghné oighreach marcáilte **X** ar an léarscáil.
Scríobh an t-ainm ceart uirthi sa bhosca thíos.




(ii) Ainmnigh an ghné oighreach marcáilte **Y** san fhótagraf.
Scríobh an t-ainm ceart uirthi sa bhosca thíos.




(iii) An é próiseas an chreimthe (creimeadh) nó próiseas an tsíl-leagain (sil-leagan) a chruthaigh na gnéithe **X** agus **Y**?
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.


(iv) Ainmnigh an ghné chósta marcáilte **Z** san aerfótagraf.
Scríobh an t-ainm ceart uirthi sa bhosca thíos.




(v) An é próiseas an chreimthe (creimeadh) nó próiseas an tsil-leagain (sil-leagan) a chruthaigh an ghné **Z**?
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

**[10 marc]**

## 10. Reiligiúin an Domhain




Déan staidéar ar an gcairt thuas a léiríonn reiligiúin an domhain sa bhliain 2007 agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén reiligiún **ba mhó** sa bhliain 2007?

________________________________________

(ii) Cén reiligiún **ba lú** sa bhliain 2007?

________________________________________

(iii) Cad é an difríocht idir céatadán an reiligiúin ba mhó agus céatadán an reiligiúin ba lú i 2007?

________________________________________

(iv) Ríomh céatadán na Hiondúch, a bhfuil an lipéad **X** air, sa bhliain 2007.

________________________________________


(v) Ainmnigh cineál eile graif nó cairte a d'fhéadfaí a úsáid chun na sonraí seo a chur i láthair.

________________________________________

**[10 marc]**

**11. Íomhánna Satailíte**

Déan staidéar ar na híomhánna satailíte agus déan an cur síos sa tábla thíos a mheaitseáil leis an íomhá cheart. Tá ceann amháin déanta duit.






www.nasa.gov

| **Cur síos** | **Íomhá** |
|---|---|
| Haraicín | |
| Oighearshruth cúlaitheach | |
| Limistéar uirbeach | |
| Fásach | |
| Sliabh Everest sna Himiléithe | **D** |
| Bolcán ag pléascadh | |

**[10 marc]**

12. **Tírghnéithe Abhann**







(i) Scrúdaigh na fótagraif thuas agus meaitseáil gach ceann de na tírghnéithe ainmnithe sa tábla thíos le ceann de na litreacha ar na fótagraif.

| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Eas | |
| Speir Chomhthrasnach | |
| Lúb | |

(ii) Luaigh cúis **amháin** a bhféadfadh sé go mbeadh an fheirmeoireacht tarraingteach ar thuilemhá gleann abhann.

________________________________________

________________________________________

(iii) Luaigh cúis **amháin** a bhféadfadh sé nach mbeadh an fheirmeoireacht tarraingteach ar thuilemhá gleann abhann.

________________________________________

________________________________________

**[10 marc]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1**:
    - Ceist **amháin** as na Ceisteanna 1, 2 agus 3

      **AGUS**
    - Ceist **amháin** as na Ceisteanna 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

Na Ceisteanna 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**


Na Ceisteanna 1 go 3

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Ceist 1**

**A. Teorainneacha Plátaí**

Déan staidéar ar na léaráidí thíos agus freagair na ceisteanna a leanas i do fhreagarleabhar:




www.earth.com

(i) Meaitseáil gach cur síos thíos leis an teorainn phlátaí cheart thuas:

- Plátaí ag brú i gcoinne a chéile
- Plátaí ag sleamhnú thar a chéile
- Plátaí ag tarraingt amach óna chéile.

(ii) Tá Droim Lár-Aigéin ag ceann de na teorainneacha plátaí thuas. Cé acu ceann?

(iii) Faightear Fillsléibhte ag ceann de na teorainneacha plátaí thuas. Cé acu ceann?

(iv) Ainmnigh sampla d'Fhillsléibhte.

**[30 marc]**

**B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Déan cur síos agus míniú ar phróiseas ollghluaiseachta **amháin**.

**NÓ**

(ii) Roghnaigh ceann **amháin** de na próisis dromchla a leanas:

- Gníomhaíocht farraige / mhuirí
- Gníomhaíocht abhann
- Oighearoibriú.

Mínigh agus léaráid(í) á n-úsáid agat conas a foirmíodh tírghné **amháin** in Éirinn mar thoradh ar an bpróiseas a roghnaigh tú.

**[30 marc]**

## C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Déanann an duine idirghníomhaíocht le timthriall na gcarraigeacha i mórán slite.
Ina measc seo tá:

- Sirtheoireacht ola agus gáis
- Mianadóireacht
- Cairéalú
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

Agus tú ag tagairt do shampla amháin a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh go mion idirghníomhaíocht **amháin** acu seo atá liostaithe thuas.

**[40 marc]**

**Ceist 2**

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar air agus ar an tsracléarscáil sin **marcáil** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Abhainn na Siúire
- Cnoc **ainmnithe**
- Siúlbhealach le comharthaí ar a dtugtar The South Leinster Way
- Limistéar talún os cionn 200 méadar ó thuaidh ó Abhainn na Siúire
- Lúb ar Abhainn na Siúire (Marcáil ar an tsracléarscáil le **X** í, le do thoil).

**[30 marc]**

**B. Creathanna talún**


Déan staidéar ar an léarscáil de chrith talún san Iodáil agus freagair na ceisteanna a leanas i do fhreagarleabhar:

(i) Cad ba **mhéid** (neart) don chrith talún ag an eipealár?

(ii) Cén **t-am** a bhuail an crith talún?

(iii) **Cé mhéad** baile inar fógraíodh básanna mar thoradh ar an chrith talún?

(iv) Mínigh go mion conas a tharlaíonn creathanna talún.




**[40 marc]**

**C. Idirghníomhaíocht an Duine**

Agus tú ag tagairt do shampla a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos agus míniú ar conas a dhéanann an duine iarracht ar cheann **amháin** de na próisis a leanas a smachtú:


- Próisis abhann
- Próisis farraige
- Ollghluaiseacht.


**[30 Marc]**


Ceist 3

**A. Ollghluaiseacht agus Síonchaitheamh**

Scrúdaigh na híomhánna d'ollghluaiseacht agus de shíonchaitheamh thíos.




I do fhreagarleabhar:

(i) Meaitseáil gach íomhá leis an téarma ceart thíos:

- Scileach
- Ithirthéaltú
- Maidhm shneachta.

(ii) Luaigh cé acu toradh ar an ollghluaiseacht nó ar an síonchaitheamh atá i ngach íomhá.

**[30 marc]**

**B. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh cineál **amháin** de charraig dhríodair.

(ii) Luaigh **láthair ar leith** in Éirinn inar féidir an cineál seo carraige dríodair a fháil.

(iii) Déan cur síos ar conas a fhoirmítear na carraigeacha dríodair.

**[40 marc]**

**C. Síonchaitheamh**

Is é is síonchaitheamh ann ná próiseas ina mbristear suas carraigeacha agus ithir agus d'fhéadfadh sé tarlú mar thoradh orthu seo a leanas:

- Gníomhaíocht Reo is Coscartha
- Carbónáitiú.

Déan cur síos agus míniú ar cheann **amháin** de na próisis síonchaithimh seo.

**[30 marc]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

Na Ceisteanna 4 go 6

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Ceist 4**

**A. Scileanna Léarscáile**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** a bhfuil staidéar déanta agat air.
Ar an léarscáil seo, **marcáil** agus **ainmnigh**:

- Abhainn ainmnithe amháin
- Dhá bhaile nó dhá chathair ainmnithe
- Sliabh ainmnithe amháin.

**[30 marc]**

**B. Talmhaíocht in Éirinn**

Mínigh conas a bhíonn tionchar ag aon **dá** cheann acu seo a leanas ar fhorbairt na talmhaíochta i **réigiún in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Rilíf agus ithreacha
- Aeráid
- Beartais an AE
- Margaí.

Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

**[40 marc]**

**C. Turasóireacht**


Mínigh **dhá** bhuntáiste atá ag an turasóireacht i ngeilleagar **Réigiúin Eorpaigh** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

**[30 marc]**

**Ceist 5**

## A. Beartas an Aontais Eorpaigh




Scrúdaigh an phíchairt thuas a léiríonn an céatadán de chaiteachas an Aontais Eorpaigh ar an CBT (*CAP*), de réir ballstáit. Freagair na ceisteanna a leanas i do fhreagarleabhar:

(i) Cad dó a seasann na litreacha CBT?
(ii) Ríomh céatadán caiteachais an AE ar an CBT in Éirinn, a bhfuil an lipéad **X** air ar an bpíchairt.
(iii) Ainmnigh ballstát amháin eile den AE nach bhfuil ainmnithe sa phíchairt thuas.
(iv) Liostaigh dhá shlí inar bhain Éire tairbhe as an CBT.

**[30 marc]**

## B. Réigiún Eorpach

Déan cur síos ar fhorbairt tionscal déantúsaíochta i **réigiún Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Luaigh ainm an réigiúin go soiléir i do fhreagra.

**[40 marc]**

## C. Réigiúin Uirbeacha

Mínigh **dhá** chúis ar tháinig fás ar limistéar uirbeach **amháin** i réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air.

Luaigh ainm an limistéir uirbigh go soiléir i do fhreagra.

**[30 marc]**

**Ceist 6**

**A. Éire – Réigiúin**

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.
Ar an sracléarscáil **marcáil** agus **ainmnigh**:

- Réigiún amháin a bhfuil staidéar déanta agat air
- Abhainn ainmnithe amháin sa réigiún
- Sliabh ainmnithe amháin sa réigiún
- Aerfort nó calafort amháin sa réigiún.

**[30 marc]**

**B. Réigiúin Ilchríochacha / Réigiúin Fho-ilchríochacha**

Ainmnigh **réigiún Ilchríochach / réigiún Fo-ilchríochach** amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.

Déan cur síos ar fhorbairt ceann **amháin** acu seo a leanas sa réigiún sin:

- Turasóireacht
- Talmhaíocht.

**[30 marc]**

**C. Fairsingiú na hEorpa agus Éire**

Sa bhliain 2004 ghlac deich dtír nua ballraíocht san Aontas Eorpach.

(i) Ainmnigh toradh dearfach **amháin** a bhí air sin in **Éirinn** agus déan cur síos air.

(ii) Ainmnigh fadhb **amháin** a chruthaigh seo **d'Éirinn** agus déan cur síos uirthi.

**[40 marc]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

Na Ceisteanna 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN as**

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

Na Ceisteanna 7 go 9

**Ceist 7**

**A. Staitistic**

**Rátaí Dífhostaíochta in Éirinn**

| Bliain | % Dífhostaithe |
|---|---|
| 2007 | 4.6 |
| 2008 | 6.0 |
| 2009 | 11.6 |
| 2010 | 14.8 |

Taispeánann an tábla thuas an céatadán de na daoine a bhí dífhostaithe in Éirinn in 2007, 2008 agus 2009 agus an céatadán atá tuartha do 2010.

(i) Bain úsáid as **grafpháipéar** chun na sonraí seo a léiriú ar ghraf.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil méadú ag teacht ar an dífhostaíocht in Éirinn.

**[30 marc]**

**B. Geilleagar i mBéal Forbartha**

'Chuir an coilíneachas bac ar fhorbairt gheilleagrach tíortha áirithe.'

Agus tú ag tagairt do thír nó do réigiún i mbéal forbartha ar a bhfuil staidéar déanta agat, déan cur síos ar **dhá** shlí ina bhfuil srian curtha ag an gcoilíneachas ar fhorbairt an réigiúin sin.

**[30 marc]**

**C. Cuideachtaí Ilnáisiúnta**

(i) Tabhair **ainm** agus **suíomh** cuideachta ilnáisiúnta amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta a d'ainmnigh tú.

(iii) Déan cur síos agus míniú ar **dhá** chúis ar lonnaigh an chuideachta ilnáisiúnta a d'ainmnigh tú san áit ina bhfuil sí.

**[40 marc]**

Ceist 8

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléaráid den limistéar a thaispeántar agus ar an tsracléarscáil sin **marcáil** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- An limistéar de Charraig na Siúire atá faoi fhoirgnimh
- An líne iarnróid
- Príomhbhóthar Náisiúnta an N24
- Líne tharchuir leictreachais
- Crann (*mast*) ar an taobh thuaidh den léarscáil.

**[30 marc]**

**B. Báisteach Aigéadach**

(i) Mínigh conas a thagann ann don bháisteach aigéadach.

(ii) Ainmnigh **dhá iarmhairt** ar an mbáisteach aigéadach agus déan cur síos orthu.

(iii) Mol **dhá bheart** a d'fhéadfaí a dhéanamh chun na hiarmhairtí seo a laghdú.

**[40 marc]**

**C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha agus Coimhlint**






'D'fhéadfadh sé go mbeadh coimhlint idir leasa áitiúla mar thoradh ar fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha agus saothrú acmhainní nádúrtha.'

Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do shampla **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30 marc]**

**Ceist 9**

**A. Forbairt Gheilleagrach**




Déan staidéar ar an léarscáil thuas agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cad dó a seasann na litreacha TFD?

(ii) Ainmnigh na **trí** athróg a úsáidtear chun an TFD a ríomh.

(iii) Cén catagóir TFD ina bhfuil Éire?

(iv) Mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil TFD na hAfraice íseal.

(v) Tomhas eile ar an bhforbairt gheilleagrach é an OTI (*GDP*). Cad dó a seasann na litreacha OTI?

**[30 marc]**

**B. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.
Samhlaigh go bhfuil sé de chúram ort suíomh oiriúnach a aimsiú chun **monarcha nua** a thógáil in aice le baile Charraig na Siúire.

(i) Luaigh go soiléir cá lonnófá an mhonarcha agus tú ag baint úsáide as an nodaireacht aitheanta (cúlra ar clé, etc.).

(ii) Mínigh cúis **amháin** ar son an tsuímh seo.

(iii) Mínigh cúis **amháin** go mb'fhéidir go gcuirfeadh daoine áitiúla i gcoinne thógáil na monarchan.

**[30 marc]**

**C.** **Éire agus an tAontas Eorpach**

Faigheann geilleagar na hÉireann maoiniú ón Aontas Eorpach tríothu seo a leanas:

- An Comhbheartas Talmhaíochta
- An Comhbheartas Iascaireachta
- Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Roghnaigh ceann **amháin** díobh siúd thuas agus mínigh go mion **dhá** shlí ina dtéann sé chun leasa do gheilleagar na hÉireann.


**[40 marc]**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE**

Na Ceisteanna 10 go 12

**Ceist 10**

**A. Struchtúr Daonra**




Scrúdaigh an phirimid daonra de Chathair Chorcaí thuas agus freagair na ceisteanna a leanas:

(i) Cén céatadán de na baineannaigh atá san aoisghrúpa 10 - 14?
(ii) Cad é an t-aoisghrúpa is mó?
(iii) Cé acu is airde, céatadán na mbaineannach nó céatadán na bhfireannach san aoisghrúpa 80 - 84?
(iv) Ríomh céatadán na leanaí, idir fhireann agus bhaineann, atá san aoisghrúpa 0 - 4.
(v) Mínigh slí **amháin** a bhfuil an phirimid daonra seo difriúil le pirimid daonra cathrach sa chuid sin den domhan atá i mbéal forbartha.

**[30 marc]**

**B. Imirce**

(i) Déan cur síos agus míniú ar thoradh **dearfach amháin** ar dhaoine a bheith ag dul ar imirce.

(ii) Déan cur síos agus míniú ar thoradh **dhiúltach amháin** ar dhaoine a bheith ag dul ar imirce.

**[30 marc]**

**C. Gréasáin Lonnaíochta**

(i) Ainmnigh **dhá** ghréasán lonnaíochta tuaithe atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo, agus luaigh tagairt eangaí a suímh.

(ii) Mínigh go mion forbairt na ngréasán seo.

**[40 marc]**

**Ceist 11**

## A. Dinimic Daonra

**Rátaí Mortlaíochta Naíonán, 2009**

| Tír | Ráta Mortlaíochta Naíonán (básanna/1,000 beobhreith) |
|---|---|
| An Chéinia | 55 |
| An India | 30 |
| SAM | 6 |
| Éire | 5 |

www.unicef.com

(i) Bain úsáid as **grafpháipéar** chun na sonraí seo a léiriú ar ghraf.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh cén fáth a bhfuil ráta mortlaíochta na naíonán níos airde i dtíortha i mbéal forbartha ar chuma na Céinia?

**[30 marc]**

## B. Forbairt Bailte

Scrúdaigh an t-aerfótagraf agus an léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Baint úsáid as an léarscáil **agus** an aerfótagraf agus mínigh **trí** chúis ar tháinig forbairt ar bhaile Charraig na Siúire sa suíomh ag a bhfuil sé inniu.

**[40 marc]**

## C. Fás Cathracha sa chuid sin den Domhan atá i mbéal Forbartha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa chuid sin den domhan atá i mbéal forbartha agus a bhfuil fás mór tagtha uirthi le blianta anuas.

(ii) Luaigh cúis **amháin** ar fhás an chathair seo go tapa.

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** atá mar thoradh ar an bhfás tapa seo.

(iv) Mínigh réiteach **amháin** ar an bhfadhb seo.

**[30 marc]**

**Ceist 12**

**A. Talamhúsáid i gCathracha**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san fhótagraf. Ar an sracléarscáil **marcáil** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Séipéal
- Limistéar aeraíochta (caitheamh aimsire)
- An phríomhshráid (Lárcheantar Gnó)
- Ceantar cónaithe nua (tithíocht)
- Droichead.

**[30 marc]**

**B. Ródhaonra**

'Tá ródhaonra in áiteanna áirithe ar domhan. Bíonn an ródhaonra i gceist nuair atá an iomarca daoine i réigiún i gcoibhneas leis na hacmhainní atá ar fáil chun caighdeán maireachtála sásúil a chur ar fáil.'

(i) Ainmnigh réigiún **amháin** ar domhan a bhfuil ródhaonra ann.

(ii) Mínigh go mion cúis **amháin** leis an ródhaonra sa réigiún atá ainmnithe agat.

(iii) Déan cur síos mion ar fhadhb **amháin** atá mar thoradh ar an ródhaonra.

(iv) Mol réiteach **amháin** ar fhadhb an ródhaonra.

**[40 marc]**

**C. Feidhmeanna Uirbeacha ag Athrú**

Mínigh **dhá** fheidhm atá ag ceantar uirbeach a bhfuil staidéar déanta agat air.

Luaigh ainm an cheantair uirbigh go soiléir i do fhreagra.

**[30 marc]**

# Leathanach Bán